



Fáilte chuig suíomh gréasáin an Oifigh Cosanta Sonraí

Tá Cúirt Iniúcháirí na hEorpa faoi réir oibleagáidí dlíthiúla sonracha maidir le sonraí pearsanta a chosaint agus a phróiseáil. Is é an bunús dlí leis na hoibleagáidí sin [Rialachán \(AE\) 2018/1725](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

Chomh maith leis na prionsabail dhlíthiúla atá leagtha síos i Rialachán (AE) 2018/1725 faoina rialaítear próiseáil sonraí pearsanta sna hinstiúidí Eorpacha, ceanglaíonn an Rialachán freisin ar gach institiúid agus comhlacht duine amháin ar a laghad a cheapadh mar oifigeach cosanta sonraí.

Is é an príomhchúram atá ar an oifigeach cosanta sonraí a áirithiú ar bhealach neamhspleách go bhfuil an Rialachán á chur i bhfeidhm ag an institiúid.

Beidh na cúraimí seo a leanas ar an oifigeach cosanta sonraí:

- fógra a thabhairt don té atá freagrach as próiseáil na sonraí pearsanta (an rialaitheoir) agus do na fostaithe agus/nó fochonraitheoirí a dhéanann na sonraí sin a phróiseáil (na próiseálaithe), agus comhairle a chur orthu, i dtaobh na n-oibleagáidí atá orthu agus na gcearta atá acu maidir le cosaint sonraí;
- faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin maidir le cosaint sonraí agus ar chomhlíonadh dlíthe eile de chuid an Aontais ina bhfuil forálacha maidir le cosaint sonraí;
- faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh bheartais an rialaitheora nó an phróiseálaí maidir le cosaint sonraí pearsanta, lena n-áirítear freagrachtaí a shannadh;
- ardú feasachta i measc comhaltaí foirne atá bainteach le próiseáil sonraí pearsanta agus oiliúint a chur orthu;
- iniúchtaí a dhéanamh nó a eagrú lena fhíorú go bhfuil na hoibleagáidí maidir le cosaint sonraí á gcomhlíonadh;
- a áirithiú go gcuirtear na daoine a bhfuil a sonraí pearsanta á bpróiseáil ar an eolas faoi na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu de bhun an Rialacháin maidir le cosaint sonraí;
- comhairle a chur ar fáil más gá fógra a thabhairt nó é a chur in iúl gur tharla sárú a bhaineann le rúndacht, sláine agus/nó infhaighteacht sonraí pearsanta;
- comhairle a thabhairt má iarrtar measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh, faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an mheasúnaithe sin agus dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcás amhras faoin ngá atá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí;
- comhairle a thabhairt maidir leis an ngá atá le comhairliúchán roimh ré a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcás ina dtarlódh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha de bharr sonraí pearsanta a phróiseáil agus i gcás ina bhfuil an rialaitheoir den tuairim nach bhféadfaí an riosca a mhaolú ar bhealach réasúnach ó thaobh na dteicneolaíochtaí atá ar fáil agus ó thaobh na gcostas cur chun feidhme;
- freagairt a thabhairt ar iarrataí ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí;
- a áirithiú nach ndéanfaidh na hoibríochtaí próiseála dochar do chearta agus saoirsí na ndaoine sin a bhfuil a sonraí pearsanta á bpróiseáil.

Coinneoidh an t-oifigeach cosanta sonraí [clár](#) de na sonraí pearsanta uile a phróiseálann Cúirt Iniúcháirí na hEorpa. Beidh fáil ag na páirtithe leasmhara uile ar an gclár sin agus beidh ann faisnéis a mhíneoidh an cuspóir atá leis na hoibríochtaí próiseála agus na coinníollacha a bhaineann leo.

Féadfaidh an t-oifigeach cosanta sonraí moltaí praiticiúla a dhéanamh chun cur leis an gcosaint sonraí sa Chúirt, agus comhairle faoi chosaint sonraí a chur ar an gCúirt agus ar rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí na Cúirte.

Féadfaidh an Coiste Foirne, na rialaitheoirí agus na próiseálaithe sonraí, nó aon duine aonair eile, dul i gcomhairle leis an oifigeach cosanta sonraí maidir le saincheist ar bith a bhaineann le léiriú an Rialacháin seo nó lena chur i bhfeidhm, gan dul trí na cainéil oifigiúla.

Féadfaidh an t-oifigeach cosanta sonraí, ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag an rialaitheoir nó ag an bpróiseálaí, ag an gCoiste Foirne lena mbaineann nó ag duine aonair ar bith, imscrúdú a dhéanamh ar ábhar agus ar tharluithe a bhaineann lena chúraimí nó lena cúraimí agus a thagann chun a aire nó a haire, agus tuairisciú ar ais, mar is iomchuí, don té a d'iarr an t-imscrúdú nó don rialaitheoir nó don phróiseálaí.

Ní fhulaingeoidh aon duine dochar mar gheall ar ghearán a chur faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí i ndáil le líomhain gur tharla sárú den sórt sin.

Johan Van Damme
An tOifigeach Cosanta Sonraí
Oifig K1 2/33
Teil.: +352 4398-47777
Ríomhphost: ECA-DATA-PROTECTION@eca.europa.eu